



General Certificate of Secondary Education
2015

Uimhir Lárionaid

--	--	--	--	--

Uimhir Iarrthóra

--	--	--	--

Gaeilge

Páipéar 1:
Léitheoireacht

[G9566]

**WEDNESDAY 10 JUNE, AFTERNOON
DÉ CÉADAIOIN 10 MEITHEAMH,
TRÁTHNÓNA**



G9566

AM

1 uair 30 bomaite.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán
Freagraí a théann leis an cheistpháipéar seo.

Freagair **gach** ceist.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Tá **40** marc ar fad ag dul don pháipéar seo.

Léiríonn na figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh
na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i **gceist 2(c)**.

Gheobhaidh tú iatán sa pháipéar seo, atá le húsáid le **ceist 2(a),
(b) agus (c)**.

Ná scríobh do fhreagraí ar an iatán.

**Don Scrúdaitheoir
amháin**

Ceist	Marcanna
1	
2	
3	

**Iomlán na
marcanna**

--

Léigh an sliocht seo go cúramach agus freagair na ceistanna a leanas

1 Duais Turner i nDoire

Is ar éigean an t-am ag muintir Dhoire a n-anáil a tharraingt na laethanta seo agus a bhfuil d'imeachtaí cultúir ar siúl sa chathair acu le bliain anuas. Agus níl an tobar i ndísc go fóill nó i mí Dheireadh Fómhair, beidh an Turner Prize, an comórtas ealaíne is suntasaí sa Bhreatain, le feiceáil ansin.

Comórtas dírithe ar ealaín nua-aimseartha choincheapúil atá sa Turner Prize, agus tá sé oscailte d'ealaíontóirí Briotanacha faoi 50 bliain d'aois agus saothar bunúil ar siúl acu. Cuirtear spéis ar leith in ealaín cheannródaíoch sa chomórtas seo, agus in ainneoin go mbíonn conspóid go minic ag baint leis, spreagtar ann i gcónaí díospóireachtaí bríomhara faoin ealaín nua-aimseartha.

Is mór an t-aitheantas a thugann an gradam seo d'ealaíontóirí óga chomh maith le céim chun tosaigh a thógáil ina slí bheatha. I measc na mbuaiteoirí blianta eile, bhí leithéidí Anish Kapoor, Antony Gormley agus Steve McQueen. Dúirt an t-ealaíontóir Jeremy Deller, a bhain an comórtas in 2004, go raibh iontas an domhain air gur chuir an oiread daoine suim ina shaothar ina dhiaidh sin, ach nuair a bhain Damian Hirst in 1995 é, dúirt sé gur sórt “sorcais ag na meáin” a bhí ann, ar ghnóthaigh an Tate Gallery agus an bealach teilifíse Channel 4 mórán airgid as.

Is minic a bhíonn an ealaín ina ábhar díospóireachta agus ní beag é líon na dtuairimí atá ag daoine faoin ghradam seo. Dúirt an scríbhneoir agus léachtóir, Declan Long, atá ina mholtóir ar an chomórtas i mbliana, go raibh i gceist ag an taispeántas go spreagfaí ceistanna ann faoi na mínealaíona i saol an lae inniu agus faoina bhfuil i ndán dóibh.

Cibé tuairim atá agat féin faoin ghradam seo, spreagann sé cuid mhór daoine, gan amhras, le spéis a chur i gcúrsaí ealaíne agus le bheith ag caint fúthu agus is cinnte gur toradh dearfach é sin.

Thosaigh an comórtas, ainmnithe i gcuimhne an ealaíontóra J.M.W. Turner, in 1984 agus tá £40,000 mar dhuais le fáil ann – £25,000 don bhuaiteoir agus £5,000 do gach iarrthóir gearrliostaithe eile.

© Beo.ie, By Ciara Nic Gabhainn

-
-
- [1]

- (i) smaoinigh ar _____ [1]

- (ii) in éadan an dlí _____ [1]

- (iii) ar thaobh an bhealaigh mhóir _____ [1]

- (iv)** go leor _____ [1]

- (v) thig le _____ [1]

9420

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR



General Certificate of Secondary Education
2015

Gaeilge

Páipéar 1:
Léitheoireacht

[G9566]

IATÁN

Le húsáid le ceist 2.
Ná scríobh do fhreagraí ar an iatán.



Office of the Minister for Integration
Oifig an Aire Lánpháirtíochta

Póstaer 1

Eolas maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre

Ná hól agus ná tiomáin choíche ná go deo

Cuireann alcól isteach ar bhreithiúnas, amharc, comhordú agus aga frithghníomhúcháin. Is féidir leis mórearráidí tiomána a chruthú ar nós:

- A bheith ag tiomáint go róghasta nó go rómhall ar fad.
- A bheith ag tiomáint sa lána mícheart nó a bheith ag trasnú lánaí.
- A bheith ag briseadh comharthaí staid nó soilse dearga.
- A bheith ag scoitheadh go míchuí.



An Dlí

Is cion é tiomáint nó a bheith i bhfeighil feithicle in Éirinn mura bhfuil smacht cuí agat ar an fheithicil de dheasca alcóil nó drugaí. Cuimhnigh go nglacann sé thart ar uair an chloig sula dtéann gach aonad alcóil tríd chóras an ghnáthdhuine. Seolann An Garda Síochána tástáil anála randamach ar thiománaithe uaireanta éagsúla den lá – tá tú tar éis rabhadh a fháil!

Cuir crios sábhála ort roimh gach turas

Tá ceangal le dlí ar gach sealbhóir feithicle crios sábhála a chaitheamh. Is í freagracht an tiománaí a chinntiú go gcaitheann daoine faoi bhun 17 mbliana d'aois a gcrios sábhála. Ní mór leanaí a iompair i suíochán linbh atá cuí.

Sábhálann criosanna sábhála beatha



© LeshkaSmok / iStock / Thinkstock

Tuirse

Is gné é tuirse in 1 as 5 cinn de thaismí marfacha in Éirinn.

Ná déan neamhaird ar an tuirse.

- Má mhothaíonn tú tuirseach glac sos ó bheith ag tiomáint – is féidir le néal codalta de 15 go 20 nóiméad cuidiú a thabhairt duit.
- Má tá tú ag pleanáil tiomáint fhada faigh oíche mhaith chodlata an oíche roimhré.
- Seachain alcól nó leigheas ar féidir leis a bheith codlatach. Déan machnamh ar an tiomáint a roinnt.



Fón Póca

Is cion é úsáid a bhaint as fón póca le linn duit a bheith ag tiomáint. Bí aireach ar úsáid a bhaint as gléasanna eile leictreonacha le linn duit a bheith ag tiomáint.

© An Garda Síochána – Road Safety Information. With kind permission.

Póstaer 2

Is féidir le haon chur isteach a thógann d'aird ón bhóthar a bheith contúirteach

Leideanna Sábháilteachta

Tá ardú ag teacht ar líon na bpáistí murtallacha in Éirinn agus is fíor nach ndéanann an-chuid páistí dóthain aclaíochta. Faoi mar a thagann laghdú ar líon na gcarranna a thagann go geata na scoile, éiríonn sé níos sábháilte do pháistí a thagann ar scoil de shiúl na gcos nó ar rothar. Seo roinnt slite inar féidir leat gortú a sheachaint nuair a bhíonn tú ag siúl, ag rothaíocht nó nuair a bhíonn tú ag taisteal sa charr.



© SerrNovik / iStock / Thinkstock

Agus tú ag siúl:

- ❖ Bí cinnte de go bhfuil tú sofheicthe – caith rud éigin atá geal agus frithchaiteach ionas gur féidir le tiománaithe tú a fheiceáil.
- ❖ Fan ar an chosán i gcónaí – Más rud é nach bhfuil aon chosán ann, siúil in aice le himeall an bhóthair agus tú ag tabhairt aghaidh ar an trácht atá ag teacht i do choinne.
- ❖ Ná rith amach ar an bhóthar in am ar bith. Ná bí ag imirt in aice leis na bóithre ná orthu. Bain leas as trasrian do choisithe nó iarr ar mhaor tráchta cuidiú a thabhairt duit.

Monkey Business / Thinkstock
© Monkey Business Images /

Ná déan dearmad ar an Chód Sábhála – lean na céimeanna seo:

1. Lorg áit shábháilte le trasnú
2. Ná déan deifir! Stop agus fan i gcónaí
3. Féach i do thimpeall sula dtrasnaíonn tú an bóthar
4. Éist i gcomhair tráchta
5. Má tá trácht ag teacht lig dó dul thart leat. Féach i do thimpeall arís
6. Ansin, nuair nach bhfuil aon trácht ann, siúil díreach trasna an bhóthair

Agus tú ag rothaíocht:

- ❖ Déan do rothar a sheiceáil i gcónaí – déan cinnte de go bhfuil na coscáin ag feidhmiú, nach bhfuil na boinn ligthe.
- ❖ Ba chóir duit na héadaí cuí a chaitheamh i gcónaí – déan cinnte de go gcaitheann tú éadaí fluaraiseacha i rith an lae agus éadaí frithchaiteacha sa tráthnóna agus san oíche.
- ❖ Bain leas as clogad i gcónaí – déan cinnte de go bhfuil sé ceangailte go docht.
- ❖ Bain leas as rotharbhealaí i gcónaí.
- ❖ Bain leas as soilse i gcónaí – tá sé mídhleathach a bheith ag rothaíocht gan soilse.



© pick-uppath / iStock / Thinkstock

Agus tú ag taisteal i gcarr:

- ❖ Coimeád do chrios sábhála ort i gcónaí – déan cinnte de go gcaitheann gach duine eile sa charr ceann chomh maith.
- ❖ Ná hoscail na doirse in am ar bith a fhad is atá an carr ag gluaiseacht.



© Alena Yakusheva / Hemera / Thinkstock

Permission to reproduce all copyright material has been applied for.
In some cases, efforts to contact copyright holders may have been unsuccessful and CCEA
will be happy to rectify any omissions of acknowledgement in future if notified.